


# Comhar

MÁRTA 2017 | MLEABHAR 77 | UIMHIR 03 | €4.00



## 50 BLIAIN D'AISTEOIRÍ BULFIN


BREANDÁN DELAP • ANNA HEUSSAFF  
PÓILÍN NÍ CHIARÁIN • DIARMUID JOHNSON  
PADDY BUSHE • MICHEÁL Ó LEIDHIN

ISSN 0010-2369

03



9 770010 236027



# AGALLAMH LE MUINTIR BULFIN

( BRIONGLÓID  
FAOI 50 BLIAIN DEN  
CHOMPÁNTAS  
DRÁMAÍOCHTA ... )

*Faoi mar a thit an drámadóir  
Aodh Ó Domhnaill ina chodladh agus faoi  
mar a rinne sé taibhreamh maidir  
leis an 50ú cruinniú cinn bhlíana ag  
Aisteoirí Bulfin....*

**Cathaoirleach :** ... Agus is dócha gur leor sin de phlé maidir leis na cuntais airgid. Right, más ea, an bhfuil 'aon ghnó eile' le hardú ag éinne?

*D'ardaigh Aodh a dheaslámb.*

**Aodh:** A chathaoirligh, ba mhaith liom cúpla focal a rá.

**Cathaoirleach:** Má bhaineann siad le hábhar, abair leat.

**Aodh:** Is mian liom buíochas a ghabháil leis na hAisteoirí as na drámaí liom a léiríodh le tríocha bliain anuas. Ba mhór an spreagadh domsa...

**Sean-Leaid 1:** *Caoga bliain anuas!*

**Aodh:** Gabh mo leithscéal?

**Sean-Leaid 1:** Is caoga bliain ó shin a bunaíodh an cumann. Nach maith is cuimhin liom é. Tháinig Seán Ó Briain ... grásta Dé leis! ... tháinig sé amach ón gComhairle Náisiúnta Drámaíochta chugainn agus do bhunaigh sé an cumann seo laistigh de Chraobh Liam Bulfin de Chonradh na Gaeilge. Is deacair a chreidiúint go bhfuil caoga bliain sleamhnaithe tharainn.

**Sean-Leaid 2:** Bhíomar óg agus fuinniúil. Agus thugamar go fonnmar faoin gcéad dráma ariamh againn ... 'Is é seo m'Oileán' le Seán Ó Tuama.

**Sean-Leaid 1:** Níorbh ea, ach 'Chun na Farraige Síos' le Synge.

**Sean-Leaid 2:** Tá breall ort! Nach mise a bhí sa phríomhpháirt ... agus tusa i bpáirt na leathphingine.

**Cathaoirleach:** Go réidhanois, 'leoids. Seiceálfaidh mise an taifead. Ach táim réasúnta cinnte go bhfuil an ceart ag..

**Aodh:** Tá brón orm cur isteach oraibh, 'Chathaoirligh, ach an bhfuil cead agam an méid a theastaigh uaim a rá a chríochnú?

**Cathaoirleach:** Tá, is dócha. Bhí tú ag iarraidh rún éigin buíochais a ghabháil ..?

**Aodh:** Do bhí. Níor theastaigh uaim an ócaid a scaoileadh tharainn gan a thabhairt le fios don chomhluadar cad é mar spreagadh domsa ... mar dhrámadóir ... gur léirigh Aisteoirí Bulfin an oiread sin..

**Sean-Leaid 2:** Cá bhfuil Pádraig Ó Giollagáin anocht?

**Cathaoirleach:** Ligimis d'Aodh pé diabhal rud atá le rá aige a chríochnú.

**Sean-Leaid 1:** Más ar dhrámadóirí atáimid ag trácht, tá an ceart aige! Slám mór le Pádraig Ó Giollagáin a rinneamar ... agus iad greannmar go maith.

**Sean-Leaid 2:** Garbh go maith a bhí cuid acu, ach greannmar freisin. Spreagadar gáire gan náire.

**Sean-Leaid 1:** Is cuimhin liom go maith, nuair a dheineamar 'Ah Momma' leis i 1973, go rabhas-sa..

**Sean-Leaid 2:** 1975!

**Óg-Bhean 1:** A chathaoirligh, ar mhiste leat smacht éigin..

**Sean-Leaid 1:** An tusa atá do mo cheartú-sa? Tá tú á mheascadh leis 'An Gabha go raibh Slaghán Air' leis an údar céanna. Ba é sin a dheineamar i '75.

**Óg-Bhean 1:** Do gheall tú nach maireadh an cruinníú seo ach dhá uair a' chloig, a Chathaoirligh!

**Sean-Leaid 2:** Nach maith is eol dom cén bhliain a dheineamar é ... agus mise i bpáirt an Ghabha ann! Nár bhaineas gradam as ag an bhFéile Náisiúnta? 'Fuinniúil, paiseanta agus iomlán inchreidte' – b'in a dúirt an moltóir fúm. 1975, mo thóin!

**Sean-Leaid 1:** Speabhraídí ort! Cá hionadh tar éis daichead bliain.

**Sean-Leaid 2:** Daichead's a trí bliana agus cúpla mí, a deirim!

**Sean-Leaid 1:** An t-aon ghradam a bhain tú ariamh ... agus tú fós ag maíomh as!

**Cathaoirleach:** Tógaígí boganois é, 'leails. Ní dóigh liom go raibh Aodh ag iarraidh baint de chál Phádraig Uí Ghiollagáin ar shláí ar bith.

**Aodh:** I bhfad uaim é! Nár fhreastail mé ar na drámaí go léir leis a rinne sibh sna seachtoidí agus sna hochtoidí? Cuid acu, is á léiriú ag Amharclann an Damer a bhíodar agus..

**Sean-Leaid 1:** Áit nár léiríodh aon dráma leatsa!

**Aodh:** Is fior dhuit. Bhí an Damer druidte faoin am ar thosnaigh mise ar an scríobh.

**Óg-Bhean 2:** A Chathaoirligh, rachaidh mé as mo mheabhair glan má thosnaíonn siad ar scéalta faoin Damer. Tá an *frigging* leabhar léite againn!

**Sean-Leaid 2:** Laethanta órga! Drámaí den scoth sa Damer ... drámaí le hEoghan Ó Tuairisc agus le Criostóir Ó Floinn agus le laochra eile ... agus, ina ndiaidh, níor ghá dúinn ach cúpla céad slat a shiúl aníos go dtí Club an Chonartha agus bhímis ag ól ann go maidin!

**Sean-Leaid 1:** Nár mhinic go mba tú an duine deireanach a caitheadh amach!

**Óg-Bhean 1:** A Chathaoirligh, má tá an cruinníú thart, tá cuid againn ag iarraidh dul ar aghaidh go dtí an pub.

**Cathaoirleach:** Má tá deireadh ráite ag Aodh, is dócha gur féidir..

**Aodh:** Níl, le fírinne. Ach dá mb'fhearr libh dul ag ól, níor mhian liom bheith i mo bhac oraibh.

**Óg-Fhear:** Cuir dlús leis agus scaoil linn!

**Aodh:** Bhí mé ag iarraidh a rá ... sarar cuireadh isteach orm ... gur thosnaigh mé ar dhrámaí i nGaeilge a scríobh thiart sna hochtoidí. Agus cé nach raibh mé ach ag foghlaim na ceirde, d'fháiltigh na Builfiní roimh na drámaí gearra sin agus roimh aon dráma spéisiúil nua a tháinig an treo. Sin an chúis go raibh mé chun rún buíochais a mholadh agus..

**Sean-Leaid 1:** Bhí páirt agamsa in 'Caifé-ar-Ais' i 1987.

**Sean-Leaid 2:** An bhfuil tú cinnte?

**Sean-Leaid 1:** Táim cinnte dearfa! Nach raibh orm mo chuid éadaigh a bhaint diom ar stáitse ... anuas go dtí m'fhobhríste.

**Sean-Leaid 2:** Feic uafásach, más buan mo chuimhne.

**Sean-Leaid 1:** Éad ort, a spriosáin! Nuair a d'imigh an scéal sa timpeall, roimh Fhéile Ráth Chairn, go rabhas-sa chun *strip* a dhéanamh, bhí an tigh lán go doras.

**Sean-Leaid 2:** Agus fágadh faoi dhíomá iad, na créatúir.

**Cathaoirleach:** 'Leails, má leanann sibh ar aghaidh leis an gcur isteach, beidh orm an cruinníú a scor ...

**Óg-Bhean 1:** Déan sin, más ea!

**Aodh:** Más ceadmhach dom dráma amháin eile a lua, ba mhaith liom tagairt do 'Lá Breá' a léiríodh i 1996. Ba é sin an ceann..

**Cathaoirleach:** Lár na nóchaidí? Léiríomar drámaí le Ray Mac Mánaí agus le Cathal Póirtéir sna blianta sin comh maith.

**Aodh:** Tuigim sin. Ach bhí tábhacht ar leith le 'Lá Breá', sa mhéid is gur léirigh an Taibhdhearc roimhe sin é. Ba é an chéad dráma stáitse liom a thuill cúpla punt.

**Óg-Fhear:** Thuigeas uait nach ar son an airgid a bhí tú ag scríobh.

**Aodh:** Ar thuig? Is dócha, dá mba tuilleamh airgid ba phríomhaidhm dom, bheinn iompairthe i dtreo scripteanna teilifise ...

**Sean-Leaid 2:** Hah! Ros na Rún abú! Murdar agus adhaltranas!

**Aodh:** ... Ach go raibh mé róthugtha don drámaíocht bheo. Bhur ndála féin.

**Óg-Fhear:** Nach dtuillfeá airgead maith as léiriú in Amharclann na Mainistreach?

**Cách:** Há-Há-Há! Éist leis!

**Cathaoirleach:** Nach dtuigeann tú, 'Sheáin, go nglaoonn Amharclann na Mainistreach *niche market* ar ár leithéidne ...

**Óg-Fhear:** Tuigim gurb í an Amharclann Náisiúnta í.

**Cathaoirleach:** 'Sí. Ach bionn sé le rá acu nach dtagann aon script mhaith láidir chucu ó dhrámadóirí na Gaeilge ...

**Óg-Fhear:** Is trua sin.

**Cathaoirleach:** ... Agus ní dhíríonn drámadóirí na Gaeilge orthu de bharr go dtuigeann siad nach mbeidh fáilte ar bith rompu.

**Óg-Fhear:** Tuigim. Fáinne fí.

**Cathaoirleach:** Ní hea, ach scannal leanúnach.

**Óg-Bhean 1:** Tá rún le moladh agamsa ..."Sé sin go gcuirfí deireadh láithreach leis an tseafóid seo d'iarsma cruinnithe. Mura ndéanfar, beidh na pubanna dúnta.

**Óg-Bhean 2:** Agus cuidimse leis an rún sin. Táimid marbh le tart.

**Cathaoirleach:** Bíodh a fhios agaibh go mbíodh cuid éigin d'Aisteoirí Bulfin 'marbh le tart' ón uair a bunaíodh

an cumann. Bonnáin bhui na drámaíochta, mar a déarfá. Bhíodar linn ó Chonamara agus ó Chorca Dhuibhne agus ó Ghaoth Dobhair agus an bhuaireachéanna orthu uile agus iad ar stáitse ... go mbeadh na pubanna dúnnta sara mbeadh an smideadh bainte díobh acu.

**Sean-Leaid 2:** Níorbh amhlaidh a bhí i gcás cuid de na leaids as Conamara. Ní luafaidh mé a n-ainmneacha, ach bhíodh naigín fuisce i bhfolach ar chúl stáitse acu, ar eagla na heagla.

**Sean-Leaid 1:** Maslach. Mar a bhí tú ariamh.

**Bean Chiúin:** Vodka a bhíodh i bhfolach againne.

**Cathaoirleach:** Gabh mo leithscéal?

**Bean Chiúin:** Is cuma. Ná hiompaímis ina gheamaireacht é mar chruinniú.

**Sean-Leaid 1:** Nach tú a deireadh ariamh nár bhíad na gheamaireachtaí ba rogha leat! B'fhearr leat drámaí tromá, drámaí nach ndéanfadh éinne freastal orthu.

**Bean Chiúin:** Bhínn buartha go gcuirfí amaitéarachas inár leith.

**Sean-Leaid 1:** Agus an té a ghlaofadh 'amaitéarach' ormsa, is barr mo bhróige sa tóin a gheobhadh sé ... nó sí! Taithí na mblianta agam. Táim comh hoilte le haon bhoicín a shiúlódh stáitse an Gate.

**Óg-Bhean 2:** An bhfuil cead againne éalú linn, a Chathaoirligh?

**Óg-Bhean 1:** Fanadh sibhse anseo ag cadráil, más sin bhur rogha.

**Aodh:** Níor mhian liom a thuilleadh moille a chur oraibh. Ach mar phointe scoir, molaim go ndéanfaí liostú sna miontuairiscí ag an gcruiinniú stairiúil seo ... ag ár gcaogadú lá breithe ... liostú ar na drámadóirí go léir a ndearna Aisteoirí Bulfin comhoibriú leo. Comh maith leis na húdair a luadh cheana anocht, cuimhnímis ar Sheán Ó Broin agus ar Celia de Fréine agus ar..

**Cathaoirleach:** Ceart go leor. Deineadh an Rúnaí mar atá molta.

**Óg-Fhear:** Nár imigh an Rúnaí go Gaillimh don deireadh seachtaine?

**Cathaoirleach:** Meabhróidh mé an cúram di nuair a fhíllfidh sí, a Aoidh. Sin sin, más ea ...

**Óg-Fhear:** A Chathaoirligh, ní mór dom gearán beag a dhéanamh. Trí bliana ó shin a tháinig mise ar bord leis na Builfíní. Bhí páirteanna agam in dhá dhráma ó shin ... i 'LaraeDó' agus ansin i 'Cruachás' le Celia. B'fhearr go mór liom go gcaithfimis níos mó ama ag pleannáil seónna nua, seachas le bóithrín na smaointe ag an seana-gheaing.

**Sean-Leaid 1:** Trí bliana, a deir sé? Printíseach!

**Ógbhean1:** An ceart ar fad aige! Téanam agus pléimis cúrsaí sa phub!

**Óg-Bhean 2:** Agus i bhfad uainn na 'cuimhní cinn'. Nach mbíonn orm éisteacht leis na scéalta céanna ó m'athair ... ón

uair go raibh seisean sna Builfíní.

**Sean-Leaid 1:** Ná lochtaigh na scéalta céanna, a chailín. Nach againn atá an cumann is beoga agus is buaine i mBleá Cliath. An cumann a chuir na céadta léirithe ar stáitse ar fud na tíre seo ... agus i Meiriceá ... agus sa Ghearmáin féin!!

*Bualadh bos ó Shean-Leaid 2.*

**Sean-Leaid 1:** An bhfuil a fhios agat, 'Thaidhg, b' é sin an chéad uair riamh a dhein tú bualadh bos ar mo shonsa.

**Sean-Leaid 2:** Arbh ea? Bhuel, chroitheas lámh leat i 1987, tar éis dúinn teacht ón stáitse. B'in i 'Fuilleach' le hAodh ansin.

**Sean-Leaid 1:** Do chroith, de bharr gur theip ar an bpiostal!

**Sean-Leaid 2:** Bhí an bainisteoir bocht stáitse ar gcúl ag iarraidh an gunna a scaoileadh san aer ..

**Sean-Leaid 1:** Agus theip uirthi faoi dhó ..

**Sean-Leaid 2:** Agus tar éis deich soicind, agus tost marfach a d'fhágfadh críoch an dráma ina cocstí, d'fhógair tusa 'BANG! BANG!'

**Sean-Leaid 1:** Do shábhálas an radharc. Chuireas caidhp leathchuíosach leis an seo.

**Sean-Leaid 2:** *Fair play* dhuit!

**Sean-Leaid 1:** Spreagann scéal scéal. An cuimhin leat an uair..

**Cathaoirleach:** Deireadh déanta anseo, 'leoids. Tig libh leanúint leis na scéalta sa phub.

**Sean-Leaid 2:** Níor fhógraí an cruinniú a bheith thart!

**Cathaoirleach:** Níor fhógair. Ach gur baolach gur éalaigh an dream óg amach ar gcúl, tá cúig nóiméad ó shin.

**Sean-Leaid 1:** Lucht drabhláis.

**Cathaoirleach:** Tá brón orm, 'Aoidh, nár tugadh aird ar bith ort. Bheadh sé comh maith againn an slua a leanacht ...

**Aodh:** Is trua nach raibh deis againn an script nua atá idir lámha agam a phlé.

**Cathaoirleach:** ... Agus ní mór dom a admháil go bhfuil tart an domhain ormsa freisin. Téanam, a leaideannaí!

*D'imigh an Cathaoirleach agus an bheirt Sean-Leaid.*

*Fágadh Aodh ina aonar sa halla macallach. D'amharc sé sa timpeall ar ionad seo na gcleachtaí ... ionad seo an tsaothair agus an aoibhinnis ... ionad seo na néaróig réamhsheó ... ionad an gbrinn agus an cheoil ... ionad caite mórchuid toitíní, tráth a mbíodh sin ceadaithe.*

*Do ghlac sé rún ciúin treabhadh ar aghaidh leis an script úrnua.*

*Agus mhúscail sé chuige sin.*